



An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2026
(OR. en)

11357/26

COH 128
FIN 993
ECOFIN 961
SOC 469

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	30 Meitheamh 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 323 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Tuarascáil Bhliantúil 2025 ar Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 323 final.

Faoi iamh: COM(2026) 323 final



An Bhruiséil, 30.6.2026
COM(2026) 323 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

Tuarascáil Bhliantúil 2025 ar Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh

CLÁR

Réamhrá	2
Iarratais a fuarthas in 2025	2
Maoiniú	6
Dúntáin	8
Conclúidí	11

RÉAMHRÁ

Le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh¹ ('an Rialachán'), ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil ar ghníomhaíocht Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ('CDAE') sa bhliain roimhe a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Tugtar tuairisc sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí CDAE in 2025. Déantar achoimre inti ar (i) na hiarratais a fuarthas; (ii) na ranníocaíochtaí airgeadais atá beartaithe agus formheasta; agus (iii) na cásanna a dúnadh in 2025.

In 2025, fuair an Coimisiún sé iarratas nua ar ranníocaíochtaí airgeadais ó CDAE, is iad sin ón gCipir (falscáithe), ón Spáinn (iarratas amháin mar gheall ar thuilte, iarratas amháin mar gheall ar fhalscáithe), ón bhFrainc (dhá iarratas mar gheall ar chioclóin) agus ón Rómáin (tuilte). Bhain trí iarratas le 'mórthubaistí nádúrtha' agus bhain trí iarratas eile le 'tubaistí nádúrtha réigiúnacha'. Rinneadh measúnú ar gach ceann de na sé iarratas agus measadh iad a bheith incháilithe ar bhonn na gcritéar sa Rialachán.

D'iarr an Spáinn (i gcás an dá iarratas araon), an Fhrainc (i gcás an dá iarratas araon) agus an Chipir go ndéanfaí réamhíocaíochtaí. In 2025, dheonaigh an Coimisiún ceithre réamhíocaíocht (an Chipir (falscáithe), an Spáinn (tuilte), an Fhrainc (dhá chioclón) agus d'íoc sé thart ar EUR 131,41 milliún san iomlán. Déanfar an réamhíocaíocht a d'iarr an Spáinn (falscáithe) a dheonú agus a íoc in 2026.

Glacfar na cinntí cur chun feidhme maidir leis na 6 iarratas rathúla ó 2025 le linn 2026. Thairis sin, dhún an Coimisiún 18 gcás CDAE in 2025.

Liostaítear in Iarscríbhinn I na tairseacha damáiste do 'mórthubaistí' is infheidhme in 2025 maidir le CDAE a shlógadh. Tugtar forléargas in Iarscríbhinn II ar na hiarratais a fuarthas in 2025, lena n-áirítear an fhaisnéis airgeadais ábhartha.

IARRATAIS A FUARTHAS IN 2025

Fuair an Coimisiún sé iarratas nua ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE in 2025. Shroich siad uile an Coimisiún laistigh den sprioc-am dlíthiúil 'tráth nach déanaí ná 12 sheachtain tar éis an chéad tarlú damáiste' (Airteagal 4(1) den Rialachán). Bhain trí iarratas le 'mórthubaistí nádúrtha' agus bhain trí iarratas eile le 'tubaistí nádúrtha réigiúnacha'.

Tá táblaí airgeadais mionsonraithe maidir leis na hiarratais sin le fáil in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil seo.

AN SPÁINN - TUILTE DANA IN VALENCIA

Idir an 28 Deireadh Fómhair agus an 4 Samhain 2024, bhuaill stoirm a thug báisteach throm léi réigiún Valencia ar fad sa Spáinn, rud a d'fhág go raibh tuilte tromchúiseacha ann. Cuireadh isteach ar thart ar 2600 teach agus ar achar níos mó ná 500 km². Fágadh na mílte teaghlach gan leictreachas, uisce óil ná seirbhís teileafóin, agus rinneadh damáiste mór do bhonneagar poiblí agus d'earraí poiblí. Cuireadh isteach ar bhreis agus 170 foras oideachais agus ar bhreis agus 50 institiúid sláinte. Maraíodh 232 dhuine de dheasca na dtuilte freisin.

Ba é EUR 20,28 billiún meastachán údaráis na Spáinne ar chostas iomlán an damáiste dhírigh. Ghlac an Coimisiún le EUR 18,08 billiún mar dhamáiste díreach iomlán sochreidte. Is mó an

¹ Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (IO L 311, 14.11.2002, lch. 3).

méid sin ná an tairseach ‘mórthubaiste nádúrtha’ don Spáinn, arbh é a bhí ann EUR 3,96 billiún in 2025 (EUR 3 bhilliún i bpraghsanna 2011 faoi Airteagal 2(2) den Rialachán).

An 20 Eanáir 2025, rinne an Spáinn iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na dtuile i réigiún Valencia i mí Dheireadh Fómhair 2024.

D’iarr an Spáinn go n-íocfaí réamhíocaíocht de bhun Airteagal 4a den Rialachán. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, ar bhonn an réamh-mheasúnaithe, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir leis an uasmhéid a cheadaítear leis an Rialachán a íoc le haghaidh réamhíocaíocht ó CDAE. Dámhadh réamhíocaíocht EUR 100 000 000 le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2025) 1798 ón gCoimisiún an 20 Márta 2025. Íocadh an réamhíocaíocht leis an Spáinn an 8 Aibreán 2025.

Tar éis thogra COM(2025) 855 ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2025, d’fhormheas an t-údarás buiséadach íocaíocht EUR 946 153 691 ó CDAE leis an Spáinn. Glacfar an cinneadh cur chun feidhme ábhartha in 2026.

AN FHRAINIC - CIOCLÓN IN MAYOTTE

An 14 Nollaig 2024, bhuail béal chioclón Chido oileán Mayotte na Fraince. Bhí séideáin ghaoithe an chioclóin níos mó ná 180 km in aghaidh na huaire ar fud na críche. Thug an chioclón báisteach throm leis go dtí an t-oileán freisin, agus meastar go raibh an bháisteach iomlán idir 100 agus 150 mm laistigh de 12 uair an chloig. Bhí an bháisteach throm agus na gaotha láidre in éineacht le tonnairde idir 5 agus 9 m, airde atá thar a bheith dainséarach, agus scriosadh na haonad tithíochta uile. Dúnadh an eangach leictreachais agus an líonra uisce go hiomlán agus cuireadh isteach go mór ar roinnt bealaí trasnaithe idir 2 oileán Mayotte. Cuireadh iallach ar sheirbhísí iompair phoiblí agus ar sheirbhísí iompair scoile a n-oibríochtaí a chur ar fionraí go sealadach nó a laghdú go mór. Maraíodh 39 duine ar a laghad de thoradh an chioclóin freisin.

Ba é EUR 3,8 billiún meastachán údaráis na Fraince ar chostas iomlán an damáiste dhírigh a tháinig as an tubaiste. Ghlac an Coimisiún le EUR 3,6 billiún mar dhamáiste díreach iomlán sochreidte. Is mó an méid sin ná an tairseach is infheidhme maidir le ‘tubaiste nádúrtha réigiúnach’ faoi Airteagal 2(3), an dara habairt, den Rialachán, arbh é a bhí ann EUR 33,47 milliún do Mayotte in 2025.

An 7 Márta 2025, rinne an Fhrainc iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis chioclón Chido ar oileán Mayotte, an Fhrainc, an 14 Nollaig 2024.

D’iarr an Fhrainc go n-íocfaí réamhíocaíocht de bhun Airteagal 4a den Rialachán. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ar bhonn an réamh-mheasúnaithe gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le réamhíocaíocht a íoc a chomhfhreagraíonn do 25 % de mhéid ranníocaíocht airgeadais CDAE a bhfuil coinne leis. Dámhadh réamhíocaíocht EUR 23 782 012 le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2025) 3192 ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2025. Íocadh an réamhíocaíocht leis an bhFrainc an 4 Meitheamh 2025.

Tar éis thogra COM(2025) 855 ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2025, d’fhormheas an t-údarás buiséadach íocaíocht EUR 89 628 050 ó CDAE leis an bhFrainc. Glacfar an cinneadh cur chun feidhme ábhartha in 2026.

AN FHRAINIC - CIOCLÓN IN LA RÉUNION

An 28 Feabhra 2025, bhuail cioclón darb ainm Garance oileán La Réunion, an Fhrainc. Shroich na gaotha cioclónacha i roinnt limistéar luas 215 km/uair an chloig agus thug siad báisteach throm agus dálaí farraige contúirteacha leo. Bhí tionchar mór ag an gcioclón ar an ngréasán bóithre agus chuir sé isteach go mór ar an ngeilleagar. Mar gheall ar an gcioclón, rinneadh damáiste mór d'earnáil na talmhaíochta, go háirithe d'earnáil an chána, agus do chuideachtaí a bhíonn ag brath ar an turasóireacht. Chun cuidiú leis an bpobal a bhí buailte, osclaíodh 123 ionad cóiríochta do dhaoine chun dídean a lorg. Maraíodh cúigear ar a laghad mar thoradh ar an gcioclón freisin.

Ba é EUR 849,45 milliún meastachán údaráis na Fraince ar chostas iomlán an damáiste dhírigh a tháinig as an tubaiste. Is mó an méid sin ná an tairseach is infheidhme maidir le 'tubaiste nádúrtha réigiúnach', faoi Airteagal 2(3), an dara habairt, den Rialachán, arbh é a bhí ann EUR 216,68 milliún do La Réunion in 2025.

An 23 Bealtaine 2025, rinne an Fhrainc iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis cioclón Garance ar oileán La Réunion na Fraince an 28 Feabhra 2025.

D'iarr an Fhrainc go n-íocfaí réamhíocaíocht de bhun Airteagal 4a den Rialachán. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ar bhonn an réamh-mheasúnaithe gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le réamhíocaíocht a íoc a chomhfhreagraíonn do 25 % de mhéid ranníocaíocht airgeadais CDAE a bhfuil coinne leis. Dámhadh réamhíocaíocht EUR 5 309 084 le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2025) 5615 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2025. Íocadh an réamhíocaíocht leis an bhFrainc an 26 Meitheamh 2025.

Tar éis thogra COM(2025) 855 ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2025, d'fhorghas an t-údarás buiséadach íocaíocht EUR 21 236 336 ó CDAE leis an bhFrainc. Glacfar an cinneadh cur chun feidhme ábhartha in 2026.

AN RÓMÁIN - TUILTE

Idir an 26 Bealtaine agus tús mhí an Mheithimh 2025, bhí roinnt laethanta báistí troime sa Rómáin, rud a d'fhág go raibh tuilte ann i réigiúin Centru, Sud Muntenia agus Nord Est. Taifeadadh an damáiste ba mhó ag mianach salainn Praid, áit ar tuaslagadh cuid de ghrinneall na habhann, an 27 Bealtaine, le huisce a thuileadh ó Abhainn Corund, rud a rinne damáiste mór do bhonneagar hidriteicniúil an limistéir agus a chuaigh isteach sa mhianach salainn. Bhí uisce sa mhianach salainn ina iomláine, rud a chuir cobhsaíocht na gcolún tacaíochta salainn i mbaol agus a chuir sláine struchtúrach an mhianaigh i mbaol. I gcodanna eile de na réigiúin sin, rinne clocha sneachta agus gaotha láidre damáiste forleathan don bhonneagar. Chuir na stoirmeacha isteach freisin ar fheidhmiú na seirbhísí poiblí agus d'fhág siad na mílte teaghlach gan leictreachas.

Is é EUR 573,59 milliún meastachán údaráis na Rómáine ar chostas iomlán an damáiste dhírigh a tháinig as an tubaiste. De réir Airteagal 2(3), an tríú habairt, den Rialachán, i gcás ina mbaineann an tubaiste nádúrtha le roinnt réigiún ar leibhéal NUTS 2, ní mór an tairseach a chur i bhfeidhm maidir le meán-olltáirgeacht intíre na réigiún sin ualaithe de réir sciar an damáiste iomláin i ngach réigiún. Is é 1,8 % an damáiste díreach arna shloinneadh mar chéatadán de OTI réigiúnach ualaithe iomlán réigiúin Centru, Sud Muntenia agus Nord Est. Is mó an méid sin ná 1,5 % de OTI réigiúnach ualaithe iomlán réigiúin Centru, Sud Muntenia agus Nord Est.

An 14 Lúnasa 2025, rinne an Rómáin iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na dtuille a bhuail an tír an 27 Bealtaine 2025. An 26 Meán Fómhair 2025 agus an 24 Márta 2026, chuir an Rómáin soiléirithe breise isteach maidir leis na sonraí agus an fhaisnéis a soláthraíodh in iarratas CDAE.

Níor iarr an Rómáin réamhíocaíocht.

Chuir an Coimisiún togra maidir le slógadh faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh i mí na Bealtaine 2026. A luaithe a fhorghasfaidh an t-údarás buiséadach an cúnamh atá beartaithe ó CDAE don Rómáin, glacfar an cinneadh cur chun feidhme ábhartha in 2026.

AN CHIPIR - FALSCAITHE

Le linn shamhradh 2025, bhí triomach fada, tonnta teasa foircneacha agus gaotha láidre sa Chipir, rud a chruthaigh na dálaí le haghaidh dhá fhalscaí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin i réigiúin Limassol agus Pafos i mí Iúil. B'éigean do na mílte cónaitheoirí aslonnú mar gheall ar fhalscaithe Limassol. Bhí ar roinnt scoileanna agus bunáochtaí sláinte a gcuid seirbhísí a laghdú, agus scriosadh beagnach 900 réadmhaoín phríobháideach. Idir an dá linn, ba chúis le caillteanais thromchúiseacha eacnamaíocha in earnáil na talmhaíochta agus le damáiste don chomhshaol ba ea falscaí Pafos agus chuir sé cobhsaíocht shocheacnamaíoch na bpobal tuaithe i mbaol. Maraíodh beirt de dheasca na bhfalscaithe freisin.

Ba é EUR 253,691 milliún meastachán údaráis na Cipire ar chostas iomlán an damáiste dhírigh a tháinig as an tubaiste. Ghlac an Coimisiún le EUR 252,68 billiún mar dhamáiste díreach iomlán sochreidte. Is mó an méid sin ná an tairseach 'mórthubaiste nádúrtha' don Chipir arb é atá ann 0,6 % dá hollioncam náisiúnta faoi Airteagal 2(2) den Rialachán, arb fhiú EUR 170,046 milliún in 2025.

An 14 Deireadh Fómhair 2025, rinne an Chipir iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na bhfalscaithe i mí Iúil 2025.

D'iarr an Chipir go n-íocfaí réamhíocaíocht de bhun Airteagal 4a den Rialachán. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ar bhonn an réamh-mheasúnaithe gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le réamhíocaíocht a íoc ó CDAE. Dámhadh réamhíocaíocht EUR 2 317 465 le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2025) 8276 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2025. Íocadh an réamhíocaíocht leis an gCipir an 29 Nollaig 2025.

Chuir an Coimisiún togra maidir le slógadh faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh i mí na Bealtaine 2026. A luaithe a fhorghasfaidh an t-údarás buiséadach an cúnamh atá beartaithe ó CDAE don Chipir, glacfar an cinneadh cur chun feidhme ábhartha in 2026.

AN SPÁINN - FALSCAITHE

Le linn shamhradh 2025, bhí triomach fada, tonnta teasa foircneacha agus 3 thonn falscaithe tromchúiseacha sa Spáinn. Tairfeadh 243 dhóiteán foraoise ar a laghad i 16 phobal uathrialacha. Rinne na dóiteáin damáiste mór don chomhshaol, don tsochaí agus don gheilleagar, rud a scrios slí bheatha go leor daoine, go háirithe i gceantair thuaithe. B'éigean go leor daoine a aslonnú óna dtithe. Maraíodh ochtar de dheasca na bhfalscaithe freisin. Baineann an t-iarratas seo leis an damáiste a rinne an tríú tonn dóiteáin, arb é an tonn is díobhálaí é, a thosaigh an 8 Lúnasa 2025.

Ba é EUR 4318,27 milliún meastachán údaráis na Spáinne ar chostas iomlán an damáiste dhíreach a tháinig as an tubaiste. Is mó an méid sin ná an tairseach ‘mórthubaiste nádúrtha’ don Spáinn, arbh é a bhí ann EUR 3 958,44 milliún in 2025 (EUR 3 bhiliún i bpragsanna 2011 faoi Airteagal 2(2) den Rialachán).

An 30 Deireadh Fómhair 2025, rinne an Spáinn iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na bhfalscaithe i mí Lúnasa 2025.

D’iarr an Spáinn go n-íocfaí réamhíocaíocht de bhun Airteagal 4a den Rialachán. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ar bhonn an réamh-mheasúnaithe gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le réamhíocaíocht a íoc a chomhfhreagraíonn do 25 % de mhéid ranníocaíocht airgeadais CDAE a bhfuil coinne leis. Ba cheart réamhíocaíocht EUR 30 137 714 a dhámhachtain le cinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún in 2026.

Chuir an Coimisiún togra maidir le slógadh faoi bhráid an údaráis buiséadaigh i mí na Bealtaine 2026. A luaithe a fhorghabhfaidh an t-údarás buiséadach an cúnamh atá beartaithe ó CDAE don Spáinn, glacfar an cinneadh cur chun feidhme ábhartha in 2026.

MAOINIÚ

Ríomhadh méideanna aonair an chúnamh a mhol an Coimisiún trí úsáid a bhaint as an modh a cinneadh in 2002 agus a cuireadh i bhfeidhm i ngach cás ina dhiaidh sin. Tá sé bunaithe ar an damáiste díreach iomlán ar glacadh leis a rinne an tubaiste i ndáil le saibhreas coibhneasta an stáit a ndearnadh difear dó, mar a léirítear leis an tairseach le haghaidh mórthubaiste (féach Iarscríbhinn I).

Dá réir sin, i gcás ‘mórthubaistí nádúrtha’, cuirtear córas forchéimnitheach dhá chéim i bhfeidhm. Faoi gcóras sin, faigheann an tír ráta cabhrach níos ísle, is é sin 2.5 % den damáiste díreach iomlán i gcás an chuid den damáiste atá faoi bhun na tairsí, agus ráta cabhrach níos airde, is é sin 6 % i gcás an chuid den damáiste a sháraíonn an tairseach. Suimítear an dá shuíom. Faigheann ‘tubaistí nádúrtha réigiúnacha’ agus ‘tubaistí nádúrtha i dtír chomharsanach’ 2,5 % den damáiste díreach iomlán.

A luaithe a bheidh an slógadh formheasta ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle agus na leithreasuithe buiséid is gá curtha ar fáil acu i mbuiséad an Aontais, glacfaidh an Coimisiún cinntí cur chun feidhme lena dámhadh an cúnamh ar na tíortha aonair agus íocfaidh sé an méid iomlán ina dhiaidh sin. Sna cásanna inar dámhadh réamhíocaíocht, ní íoctar ach iarmhéid na ranníocaíochta iomláine. Áiríodh in iarscríbhinní na gcinntí cur chun feidhme tuairisc chineálach ar úsáid bheartaithe an airgid, liostaíodh na húdaráis arna n-ainmniú ag na stáit is tairbhíthe chun ranníocaíocht CDAE a phróiseáil agus ainmníodh an t-údarás neamhspleách atá freagrach as iniúchadh agus rialú.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, d’fhorghabh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, mar an t-údarás buiséadach, naoi ranníocaíocht airgeadais ó CDAE mar a mhol an Coimisiún. Thíolaic an Coimisiún a thograí maidir le CDAE a shlógadh ina dhá ghrúpa.

- An 22 Bealtaine 2025, d’eisigh an Coimisiún togra² le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le CDAE a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Ostair, don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin, don tSeicia, don Mholdóiv, don Pholainn agus don tSlóvaic tar éis tubaistí nádúrtha in 2024. Bhí Cinneadh Uimh. 10/2025 ag gabháil

² C(2025) 3237 an 22.5.2025.

leis an togra sin, inar moladh EUR 270 077 316, i ngealltanais agus in íocaíochtaí araon, a aistriú ó líne chúlchiste an Chúlchiste Eorpaigh Dlúthpháirtíochta chuig líne bhuiséid oibríochtúil CDAE.

Ghlac an t-údarás buiséadach an togra an 9 Iúil 2025. Dhámh sé EUR 280 740 903 de chúnamh CDAE ar an méid seo a leanas: (i) An Ostair i ndáil leis na tuilte i mí Mheán Fómhair 2024; (ii) An Pholainn i ndáil leis na tuilte i mí Mheán Fómhair 2024; (iii) An tSeicia i ndáil leis na tuilte i mí Mheán Fómhair 2024; (iv) An tSlóvaic i ndáil leis na tuilte a tharla i mí Mheán Fómhair 2024; (v) An Mholdóiv i ndáil leis na tuilte i mí Mheán Fómhair 2024; agus (vi) an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin i ndáil leis na tuilte i mí Dheireadh Fómhair 2024. Tar éis ghlacadh na gcinntí cur chun feidhme lenar dámhadh an cúnamh, íocadh EUR 42 789 075 leis an Ostair, íocadh EUR 75 998 939 leis an bPolainn, agus íocadh EUR 113 979 781 leis an tSeicia i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2025.

Íocfaidh an Coimisiún EUR 2 108 187 leis an tSlóvaic freisin a luaithe a gheobhaidh sé na doiciméid ábhartha maidir leis na socruithe cur chun feidhme atá beartaithe ón tSlóvaic i gcomhréir le hAirteagal 5(1) den Rialachán agus tar éis an cinneadh cur chun feidhme ábhartha a ghlacadh. Íocfaidh an Coimisiún EUR 195 196 leis an Moldóiv agus EUR 45 669 725 leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin freisin a luaithe a shíneofar na comhaontuithe tarmhligin leis na tíortha sin, a bhfuil a n-aontachas leis an Aontas á chaibidliú acu, i gcomhréir le hAirteagal 5(2) den Rialachán.

- An 3 Deireadh Fómhair 2025, d'eisigh an Coimisiún togra³ le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le CDAE a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Spáinn agus don Fhrainc tar éis tubaistí nádúrtha in 2024 agus 2025. Bhí Cinneadh Uimh. 16/2025 ag gabháil leis an togra sin, inar moladh EUR 927 926 981, i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus faoi chomhair íocaíochtaí araon, a aistriú ó líne chúlchiste an Chúlchiste Eorpaigh Dlúthpháirtíochta chuig líne bhuiséid oibríochtúil CDAE.

Ghlac an t-údarás buiséadach an togra an 13 Iúil 2025. Dhámh sé EUR 1 057 018 077 de chúnamh CDAE ar an méid seo a leanas: (i) An Spáinn i ndáil leis na tuilte i réigiún Valencia i mí Dheireadh Fómhair 2024; (ii) An Fhrainc i ndáil leis an gcioclón in Mayotte i mí na Nollag 2024; agus (iii) an Fhrainc i ndáil leis an gcioclón in La Réunion i mí Feabhra 2025. Meastar go nglacfar na cinntí cur chun feidhme lena ndámhfar an cúnamh agus go n-íocfar an cúnamh in 2026.

³ COM(2025) 855, an 3.10.2025.

DÚNTÁIN

Ceanglaítear le hAirteagal 8(3) den Rialachán nach mór don stát is tairbhí, laistigh de 24 mhí ó dháta eisíocaíochta na ranníocaíochta airgeadais, tuarascáil a chur i láthair maidir leis an bhforghníomhú airgeadais ('tuarascáil ar chur chun feidhme') ina mbeidh ráiteas lena dtugtar bunús leis an gcaiteachas ('ráiteas bailíochta').

Dhún an Coimisiún 18 gcás CDAE in 2025.

An Ghréig, crith talún in Kefalonia in 2014. EUR 3 683 320 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na Gréige an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí Aibreáin 2017. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Ghréig, EUR 3 127 724,07 a bhí sa chaiteachas incháilithe, méid a bhí EUR 555 595,93 níos lú ná ranníocaíocht airgeadais CDAE. Mar thoradh air sin, chinn an Coimisiún go raibh gá le ceartú airgeadais EUR 555 595,93. An 31 Eanáir 2024, fuair an Coimisiún aisghabháil EUR 555 595,93 ón nGréig. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais breise, agus dúnadh an comhad i mí an Mheithimh 2025.

An Rómáin, tuilte earraigh in 2014. EUR 4 198 175 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na Rómáine an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí Feabhra 2018. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Rómáin, EUR 1 143 565,25 a bhí sa chaiteachas incháilithe, méid a bhí EUR 3 054 609,75 níos lú ná ranníocaíocht airgeadais CDAE. Thairis sin, bhí ús arbh fhiú EUR 3 611,16 fabhraithe. Mar thoradh air sin, chinn an Coimisiún go raibh gá le ceartú airgeadais EUR 3 058 220,91. An 29 Márta 2022, fuair an Coimisiún aisghabháil EUR 3 058 220,91 ón Rómáin. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais breise, agus dúnadh an comhad i mí Eanáir 2025.

An Bhulgáir, tuilte in 2014. EUR 10 542 110 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na Bulgáire an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí Aibreáin 2017. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Bhulgáir, EUR 9 008 785,21 a bhí sa chaiteachas incháilithe faoi CDAE, méid a bhí EUR 1 533 324,79 níos lú ná ranníocaíocht airgeadais CDAE. Thairis sin, bhí ús arbh fhiú EUR 48 977,22 fabhraithe. Mar thoradh air sin, chinn an Coimisiún go raibh gá le ceartú airgeadais EUR 1 582 302,01. An 22 Nollaig 2020, fuair an Coimisiún aisghabháil EUR 1 582 302,01 ón mBulgáir. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais breise, agus dúnadh an comhad i mí Feabhra 2025.

An Rómáin, tuilte samhraidh in 2014. EUR 4 297 775 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na Rómáine an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí Aibreáin 2018. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Rómáin, EUR 3 048 079,20 a bhí sa chaiteachas incháilithe, méid a bhí EUR 1 249 695,80 níos lú ná ranníocaíocht airgeadais CDAE. Thairis sin, bhí ús arbh fhiú EUR 5 242,90 fabhraithe. Mar thoradh air sin, chinn an Coimisiún go raibh gá le ceartú airgeadais EUR 1 254 938,70. An 29 Márta 2022, fuair an Coimisiún aisghabháil EUR 1 254 938,70 ón Rómáin. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais breise, agus dúnadh an comhad i mí na Samhna 2025.

An Bhulgáir, tuilte samhraidh in Mizia in 2014. EUR 1 983 600 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na Bulgáire an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí Lúnasa 2017. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Bhulgáir, EUR 1 771 594,34 a bhí sa chaiteachas incháilithe faoi CDAE, méid a bhí EUR 212 005,66 níos lú ná ranníocaíocht airgeadais CDAE. Thairis sin, bhí ús arbh fhiú EUR 14,81 fabhraithe. Mar thoradh air sin, chinn an Coimisiún go raibh gá le ceartú airgeadais EUR 212 020,47. An 22 Nollaig 2020, fuair an Coimisiún aisghabháil EUR 212 020,47 ón mBulgáir. An 24 Feabhra 2021, chuir an Bhulgáir in iúl don Choimisiún gur ghá don Choimisiún EUR 11 006,22 breise a aisghabháil mar gheall ar imeachtaí riaracháin agus dlíthiúla. An 26 Meán Fómhair 2023,

fuair an Coimisiún aisghabháil EUR 11 006,22 ón mBulgáir. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais breise, agus dúnadh an comhad i mí na Samhna 2025.

An Iodáil, creathanna talún in 2016. EUR 1 196 797 579 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na hIodáile an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí na Nollag 2019. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Iodáil, EUR 1 473 913 724,12 a bhí sa chaiteachas incháilithe, méid a bhí níos mó ná ranníocaíocht CDAE. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais, agus dúnadh an comhad i mí an Mheithimh 2025.

An Ghréig, crith talún ar oileán Lesbos in 2017. EUR 1 359 119 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na Gréige an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí Dheireadh Fómhair 2020. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Ghréig, EUR 1 182 470,22 a bhí sa chaiteachas incháilithe, méid a bhí EUR 176 648,78 níos lú ná ranníocaíocht airgeadais CDAE. Mar thoradh air sin, chinn an Coimisiún go raibh gá le ceartú airgeadais EUR 176 648,78. An 27 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún aisghabháil EUR 176 648,78 ón nGréig. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais breise, agus dúnadh an comhad i mí an Mheithimh 2025.

An Laitvia, tuilte in 2017. EUR 17 730 519 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na Laitvia an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí na Nollag 2020. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Laitvia, EUR 19 291 264,19 a bhí sa chaiteachas incháilithe, méid a bhí níos mó ná ranníocaíocht CDAE. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais, agus dúnadh an comhad i mí Eanáir 2025.

An Spáinn, falscaithe sa Ghailís in 2017. EUR 3 228 675 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na Spáinne an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí Iúil 2020. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Spáinn, EUR 3 885 001 a bhí sa chaiteachas incháilithe, méid a bhí níos mó ná ranníocaíocht CDAE. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais, agus dúnadh an comhad i mí an Mheithimh 2025.

An Liotuáin, tuilte in 2017. EUR 16 918 941 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na Liotuáine an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí Dheireadh Fómhair 2020. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Liotuáin, EUR 16 916 736,24 a bhí sa chaiteachas incháilithe, méid a bhí EUR 2 204,76 níos lú ná ranníocaíocht airgeadais CDAE. Mar thoradh air sin, chinn an Coimisiún go raibh gá le ceartú airgeadais EUR 2 204,76. An 25 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún aisghabháil EUR 2 204,76 ón Liotuáin. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais breise, agus dúnadh an comhad i mí an Mheithimh 2025.

An Iodáil, adhaimsir in 2018. EUR 277 204 595 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na hIodáile an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí na Bealtaine 2022. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Iodáil, EUR 291 657 411,82 a bhí sa chaiteachas incháilithe, méid a bhí níos mó ná ranníocaíocht CDAE. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais, agus dúnadh an comhad i mí Mheán Fómhair 2025.

An Spáinn, teagmhas adhaimsire in 2019. EUR 56 743 358 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na Spáinne an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí na Samhna 2022. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Spáinn, EUR 62 034 794,45 a bhí sa chaiteachas incháilithe, méid a bhí níos mó ná ranníocaíocht CDAE. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais, agus dúnadh an comhad i mí an Mheithimh 2025.

An Iodáil, paidéim COVID-19 in 2020. EUR 76 271 930 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na hIodáile an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta

isteach i mí an Mheithimh 2023. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Iodáil, EUR 86 250 000 a bhí sa chaiteachas incháilithe agus níor aimsíodh aon neamhrialtacht. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais, agus dúnadh an comhad i mí na Samhna 2025.

An Ostair, paidéim COVID-19 in 2020. EUR 31 755 580 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na hOstaire an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí na Nollag 2023. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Ostair, EUR 42 368 657,03 a bhí sa chaiteachas incháilithe agus níor aimsíodh aon neamhrialtacht. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais, agus dúnadh an comhad i mí Iúil 2025.

An Rómáin, paidéim COVID-19 in 2020. EUR 13 926 870 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na Rómáine an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí Dheireadh Fómhair 2023. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Rómáin, EUR 19 148 310,58 a bhí sa chaiteachas incháilithe agus níor aimsíodh aon neamhrialtacht. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais, agus dúnadh an comhad i mí Iúil 2025.

An Chróit, paidéim COVID-19 in 2020. EUR 7 618 270 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na Cróite an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí na Nollag 2023. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Chróit, EUR 7 618 270 a bhí sa chaiteachas incháilithe agus níor aimsíodh aon neamhrialtacht. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais, agus dúnadh an comhad i mí Mheán Fómhair 2025.

An Ghearmáin, paidéim COVID-19 in 2020. EUR 29 147 795 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na Gearmáine an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí na Nollag 2023. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Ghearmáin, EUR 2 079 000 000 a bhí sa chaiteachas incháilithe agus níor aimsíodh aon neamhrialtacht. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais, agus dúnadh an comhad i mí Iúil 2025.

Lucsamburg, paidéim COVID-19 in 2020. EUR 2 857 025 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis Lucsamburg an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí Dheireadh Fómhair 2023. Ar bhonn na faisnéise a sholáthair Lucsamburg, EUR 5 064 900 a bhí sa chaiteachas incháilithe agus níor aimsíodh aon neamhrialtacht. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais, agus dúnadh an comhad i mí Eanáir 2025.

CONCLÚIDÍ

In 2025, bhí an Eoraip fós ar an mór-roinn ba thapúla a bhí ag téamh, le os cionn 95 % den mhór-roinn ag taifeadh teochtaí os cionn an mheáin agus bhí raon teagmhas foircneach ann, ó thriomach forleathan san earrach agus sa samhradh go tonnta teasa ón Meánmhuir go dtí an Ciorcal Artach, falscailte i ndeisceart na hEorpa agus stoirmeacha ar fud na mór-roinne⁴.

D'fhulaing Oirthear na hEorpa tréimhsí fada de bháisteach throm agus de thriomach dian ina dhiaidh sin, rud a spreag tuilte tubaisteacha. Ar an gcaoi chéanna leis na blianta roimhe seo, bhí triomach leanúnach, tonnta teasa níos mó ná riamh agus falscailte rábacha i ndeisceart na hEorpa. Bhí na críocha Francacha is forimeallaí, Mayotte agus La Réunion, neamhchosanta go háirithe agus rinne cioclóin i ndiaidh a chéile damáiste dóibh mar gheall ar a dtíreolaíocht. Rinne an scrios a d'eascair as sin - lena n-áirítear damáiste forleathan do thithe agus do bhonneagar criticiúil - slad ar bheatha agus ar shlite beatha na mílte Eorpach. Leag na himeachtaí sin béim ar an ngéarghá atá le bearta láidre maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide a chur chun feidhme ar fud na hEorpa.

A bhuí lena bhuiséad méadaithe ó 2024 ar aghaidh, bhí CDAE in ann cúnamh níos fearr a thabhairt d'iarrachtaí náisiúnta atógála agus téarnaimh i dtíortha a bhí buailte ag tubaistí nádúrtha, trí na méideanna cabhrach arna ríomh bunaithe ar an modheolaíocht chomhaontaithe atá le híoc ina n-iomláine a sholáthar.

Ina theannta sin, chuidigh CDAE leis na réigiúin atá buailte a ngníomhaíocht eacnamaíoch agus shóisialta a atosú go tapa trí bhonneagar criticiúil a dheisiú agus a athbhunú agus an t-ualach airgeadais ar rialtais náisiúnta agus áitiúla á laghdú an tráth céanna.

Mar fhocal scoir, deimhnítear le líon na n-iarratas ar chúnamh agus leis an mbrú méadaithe ar bhuiséad CDAE go bhfuil géarghá le tacaíocht ón gCiste.

⁴ [European State of the Climate Report 2025](#) | [Tuarascáil ar Staid na hAeráide san Eoraip 2025] Copernicus.